II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2018/1239 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2018

lena leasaítear Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 nach bhfuil ag eagraithe tionscnaimh ó na saoránaigh ach le foirmeacha a úsáid atá i gcomhréir leis na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin chun ráitis tacaíochta a bhailiú ó shínitheoirí.

(2) Tá ráiteas príobháideachais sna foirmeacha ráitis tacaíochta ina dtugtar faisnéis faoin gcaoi ar féidir sonraí pearsanta sínitheoirí a phróiseáil agus faoi na cearta atá ag na sínitheoirí ina gcáil mar ábhair sonraí. Tagraíonn an ráiteas príobháideachas don Treoir aisghairthe 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Aisghaireadh Treoir 95/46/CE le Rialachán (AE) 2016/679 ([3]). Tá feidhm le Rialachán (AE) 2016/679 ón 25 Bealtaine 2018.

(4) Leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679 an fhaisnéis is gá don rialaitheoir sonraí a sholáthar, tráth a bhailítear na sonraí pearsanta, don ábhar sonraí i gcás ina mbailítear na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí. Ba cheart, as seo amach, an fhaisnéis sin a sholáthar sa ráiteas príobháideachais a ghabhann leis an tsamhail den fhoirm ráitis tacaíochta.

(5) De réir Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart tagairtí don Treoir aisghairthe 95/46/CE a fhorléiriú mar thagairtí do Rialachán (AE) 2016/679. Ar chúiseanna a bhaineann le soiléire, deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, ba cheart an tagairt sa ráiteas airgeadais a thabhairt cothrom le dáta.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 a leasú dá réir.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([1]) IO L 65, 11.3.2011, lch. 1.
([2]) Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).
([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 008, 12.1.2001, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an ráitis príobháideachais a leagtar amach sa tsamhail don fhoirm ráitis tacaíochta ag deireadh chuid A:

"Ráiteas príobháideachais: I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ní úsáidfear na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. Tá tú i dteideal rochtain ar do shonraí pearsanta a iarraidh ar eagraithe an tionscnaimh seo, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh.

Déanfaidh na heagraithe do shonraí a stóráil ar feadh 18 mí ar a mhéad, tar éis dháta cláraithe an tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh, nó 1 mhí amháin tar éis an tionscnamh sin a thíolacadh don Choimisiún, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh seachtain amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.

Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a chur faoi bhráid údarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.

Is iad eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh na rialaitheoirí de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil ar an bhfoirm seo.

Tá sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscnaimh seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, mar atá ar an bhfoirm seo.

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an ráitis airgeadais a leagtar amach sa tsamhail don fhoirm ráitis tacaíochta ag deireadh chuid B:

"Ráiteas príobháideachais: I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ní úsáidfear na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil iad do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. Tá tú i dteideal rochtain ar do shonraí pearsanta a iarraidh ar eagraithe an tionscnaimh seo, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh.

Déanfaidh na heagraithe do shonraí a stóráil ar feadh 18 mí ar a mhéad, tar éis dháta cláraithe an tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh, nó 1 mhí amháin tar éis an tionscnamh sin a thíolacadh don Choimisiún, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh 1 seachtain amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.

Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a chur faoi bhráid údarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.

Is iad eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh na rialaitheoirí de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil ar an bhfoirm seo.

Tá sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscnaimh seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, mar atá ar an bhfoirm seo.

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Júil 2018.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Jean-Claude JUNCKER